An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

## BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme

- Offers free breast screening (mammograms) to over 285,000 women aged 50 to 69 every 2 years.
- Aims to detect breast cancer at the earliest possible stage, when it is easier to treat.
- Offered in women's local communities at 4 static and 21 mobile units.
- Appointment time or dates can be easily changed.
- Most mammogram results are normal.
- Over 2 million mammograms provided since 2000.
- Detected over 14,400 cancers, mostly at an early stage.
- Women are recommended to check their breasts regularly and visit their GP with any concerns.
- **For more information Freephone 1800 45 45 55 or visit www.breastcheck.ie**

## CervicalCheck
AN CLÁR NÁISIÚNTA SCAGTHÁSTÁLA CEIRBHEACS
THE NATIONAL CERVICAL SCREENING PROGRAMME

- Offers free cervical screening to almost 1.2 million women (aged 25-29 every 3 years, and aged (30-65 every 5 years).
- CervicalCheck moved to HPV cervical screening in March 2020.
- HPV cervical screening is a better way of screening for cervical cancer, prevents more cancers and means some people will need fewer tests.
- Screening can be carried out at any registered GP practice or clinic (over 4,500 nationwide).
- A cervical screening test checks the health of your cervix.
- Aims to detect cervical cancer at the earliest possible stage, when it is easier to treat.
- Cervical screening is not a test for cancer, it's a test to see if you are at risk of developing cancer.
- Most cervical screening test results are normal.
- Over 3 million cervical screening tests provided since 2008.
- Over 130,000 abnormalities detected up to year 11, many of which could have developed into cervical cancer.
- 18 out of 20 people will have abnormal cells found through new HPV cervical screening.
- Women with concerns or symptoms should visit their GP.
- **For more information Freephone 1800 45 45 55 or visit www.hse.ie/cervicalcheck**

## BowelScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

- Offers free home bowel screening for approximately 250,000 men and women aged 60 to 69 every 2 years.
- Aims to find bowel cancer or pre-cancerous changes at the earliest possible stage, when they are easier to treat.
- A home test is sent directly to the person's home if they are on our register and have consented to receive it.
- The screening test is a simple way to check for small amounts of blood in your stool (poo).
- Most home bowel screening test results are normal.
- BowelScreen has detected over 1,200 cancers since 2012.
- Detected and removed almost 34,000 pre-cancerous growths, that could have developed into bowel cancer.
- Over 2,800 people diagnosed in Ireland with bowel cancer in 2019/20.
- Bowel cancer is the third most common cancer in men and the fifth most common cancer in women.
- Anyone with concerns or symptoms should visit their GP.
- **For more information Freephone 1800 45 45 55 or visit www.bowelscreen.ie**

## Diabetic RetinaScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Reitiní do Dhiaibéitigh
The National Diabetic Retinal Screening Programme

- Offers free diabetic retinopathy screening for people with Type 1 or Type 2 diabetes, aged 12 and over.
- Aims to detect and treat diabetic retinopathy at an early stage, to reduce damage to a person's sight.
- Diabetic retinopathy is a complication of diabetes affecting the blood vessels in the retina at the back of the eye.
- Detected retinopathy in over 5,000 people since 2013.
- Screening is done using special digital photography at over 100+ screening clinics nationwide.
- Anybody with Type 1 or Type 2 diabetes is at risk.
- Appointment time and date can be changed easily.
- An appointment takes about half an hour.
- Anyone with concerns or symptoms should visit their GP.
- **For more information Freephone 1800 45 45 55 or visit www.diabeticretinascreen.ie**

---

- It is important to attend your free screening test when you are invited.
- We continue to emphasis to our participants that the four screening programmes are for well people within the population age range and is not a symptomatic service.
- If a person has any concerns or symptoms, we strongly encourage them to contact or attend their GP to ensure that they are given the appropriate advice or referral.

HSS01401 NSS/PUB/COM-2 Rev1

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

## BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme

- Cuireann seo scagthástáil cíche (mamagraim) ar fáil do bhreis agus 285,000 bean idir 50 agus 69 bliain d'aois gach 2 bhliain.
- Tá mar chuspóir aige ailse chíche a bhrath a luaithe agus is féidir, nuair is éasca cóir leighis a chur air.
- Cuirtear ar fáil do mhná é ina bpobail áitiúla ag 4 aonad statacha agus 21 aonad soghluaiste.
- Is féidir amanna nó dátaí coinne a athrú gan stró.
- Tugann formhór na dtorthaí mamagraim le fios go bhfuil rudaí mar is gnách.
- Cuireadh breis agus 2 milliún mamagram ar fáil ó 2000.
- Braitheadh breis agus 14,400 ailse, a raibh luathchéim bainte amach ag an gcuid is mó díobh.
- Moltar do mhná a gcíocha a sheiceáil go rialta agus cuairt a thabhairt ar a DG má bhíonn aon bhuarthaí orthu.
- **Chun teacht ar eolas breise, glaoigh ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó tabhair cuairt ar www.breastcheck.ie**

## CervicalCheck
AN CLÁR NÁISIÚNTA SCAGTHÁSTÁLA CEIRBHEACS
THE NATIONAL CERVICAL SCREENING PROGRAMME

- Cuireann seo scagthástáil ceirbheacs saor in aisce ar fáil do beagnach 1.2 milliún bean (aois 25-29 gach 3 bliana, agus aois 30-65 gach 5 bliana).
- D'aistrigh CervicalCheck go dtí scagthástáil ceirbheacs HPV i Márta 2020.
- Bealach níos fearr é scagthástáil ceirbheacs HPV chun scagthástáil a dhéanamh ar ailse cheirbheacs, cuireann sé cosc ar níos mó ailsí teacht ar dhaoine agus beidh níos lú tástálacha ag teastáil ó roinnt daoine dá bharr.
- Is féidir scagthástáil a dhéanamh ag aon chleachtas nó clinic cláraithe DG (tá breis agus 4,500 ceann ar fud na tíre).
- Déanann scagthástáil ceirbheacs sláinte do cheirbheacs a sheiceáil.
- Tá mar chuspóir aige ailse cheirbheacs a bhrath a luaithe agus is féidir, nuair is éasca cóir leighis a chur air.
- Ní tástáil ar ailse é scagthástáil ceirbheacs, tástáil é a fhéachann an bhfuil an baol ann go dtiocfaidh ailse ort.
- Tugann formhór na dtorthaí scagthástála ceirbheacs le fios go bhfuil rudaí mar is gnách.
- Cuireadh breis agus 3 milliún scagthástáil ceirbheacs ar fáil ó 2008.
- Braitheadh 130,000 rud as an ngnách sna chéad 11 bhliain agus d'fhéadfadh ailse cheirbheacs eascairt as seo.
- Aimseofar cealla neamhghnácha trí scagthástáil ceirbheacs nua HPV i measc 18 as 20 duine.
- Ba cheart do mhná a bhfuil comharthaí nó buarthaí orthu cuairt a thabhairt ar a DG.
- **Chun teacht ar eolas breise, glaoigh ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó tabhair cuairt ar www.hse.ie/cervicalcheck**

## BowelScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

- Cuireann seo scagthástáil putóige ar fáil do bhreis agus 250,000 fear agus bean idir 60 agus 69 bliain d'aois gach 2 bhliain.
- Tá mar chuspóir aige ailse phutóige nó athruithe réamhailseacha a aimsiú a luaithe agus is féidir, nuair is éasca cóir leighis a chur orthu.
- Seoltar tástáil a dhéantar sa bhaile go díreach chuig teach an duine má tá siad ar ár gclár agus má thug siad toiliú é a fháil.
- Bealach simplí é an scagthástáil lena sheiceáil an bhfuil méideanna beaga fola i d'fhaecas (cac).
- Tugann formhór na dtorthaí scagthástála putóige le fios go bhfuil rudaí mar is gnách.
- Bhrath BowelScreen breis agus 1,200 ailse ó 2012.
- Rinne sé beagnach 34,000 fás réamhailseach a bhrath agus a bhaint, a bhféadfadh gur fhorbair siad ina n-ailse phutóige ina dhiaidh sin.
- Diagnóisíodh go raibh ailse phutóige ar 2,800 duine in Éirinn in 2019/20.
- Is í ailse phutóige an tríú hailse is coitianta i measc fear agus ban agus is é an cúigiú hailse is coitianta i measc ban.
- Ba cheart do dhuine ar bith a bhfuil comharthaí nó buarthaí orthu cuairt a thabhairt ar a DG.
- **Chun teacht ar eolas breise, glaoigh ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó tabhair cuairt ar www.bowelscreen.ie**

## Diabetic RetinaScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Reitiní do Dhiaibéitigh
The National Diabetic Retinal Screening Programme

- Cuireann sé scagthástáil reitineapaite diaibéítí ar fáil do dhaoine a bhfuil Diaibéiteas Chineál 1 nó Chineál 2 orthu agus atá 12 bhliain d'aois nó níos sine.
- Tá mar chuspóir aige reitineapaite dhiaibéiteach a bhrath agus cóir leighis a chur air ag luathchéim, chun an díobháil a dhéantar do radharc duine a laghdú.
- Tagann reitineapaite dhiaibéiteach ar dhuine mar thoradh ar dhiaibéiteas agus déanann sé difear do na fuileadáin sa reitine ar chúl na súile.
- Braitheadh reitineapaite i measc 5,000 duine ó 2013.
- Déantar an scagthástáil trí úsáid a bhaint as grianghrafadóireacht speisialta dhigiteach ag breis agus 100 clinic scagthástála ar fud na tíre.
- Tá duine ar bith a bhfuil Diaibéiteas Chineál 1 nó Chineál 2 orthu i mbaol.
- Is féidir amanna agus dátaí coinne a athrú gan stró.
- Glacann coinne thart ar leathuair an chloig.
- Ba cheart do dhuine ar bith a bhfuil comharthaí nó buarthaí orthu cuairt a thabhairt ar a DG.
- **Chun teacht ar eolas breise, glaoigh ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó tabhair cuairt ar www.diabeticretinascreen.ie**

---

- Is tábhachtach freastal ar do scagthástáil saor in aisce nuair a thugtar cuairt cuireadh duit.
- Leanaimid lena chur in iúl dár rannpháirtithe go gcuirtear na ceithre chlár scagthástála ar siúl do dhaoine laistigh de raon aoise an daonra agus nach seirbhís shiomptómach é.
- Má bhíonn aon bhuarthaí nó comharthaí ar dhuine, spreagaimid go mór dóibh teagmháil a dhéanamh lena DG lena chinntiú go dtugtar an chomhairle cheart dóibh nó go ndéantar iad a atreorú.

HSS01401 NSS/PUB/COM-2 Rev1